

Leasú 2

Martin Schirdewan, Manon Aubry, Marc Botenga, Dimitrios Papadimoulis
thar ceann an Ghrúpa The Left

Tuarascáil

A9-0427/2023

Stéphanie Yon-Courtin

Beartas iomaíochta – tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2077(INI))

Tairiscint i gcomhair rúin**Mír 6***Tairiscint i gcomhair rúin**Leasú*

6. á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag boilsciú ar iomaíocht trí dhreasachtaí a chruthú do chuideachtaí chun comhoibriú le hiomaitheoirí chun praghsanna a chomhordú²⁰, chomh maith lena iarmhairtí do mhargaí agus do leas tomhaltóirí; ag tarraingt aird ar an ngá atá le feabhas a chur ar na sonraí ar bhrabúis **chun** aghaidh a thabhairt **go héifeachtach** ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann, mar **go dtugann** taighde ón mBanc Ceannais Eorpach agus ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta **le fios** gur príomhchúiseanna sealadacha tábhachtacha iad brabúis chorparáideacha leis an mboilsciú; á iarraidh ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh, in éineacht leis na húdaráis iomaíochta náisiúnta, ar iarmhairtí an iompair fhrithiomaíoch agus ar a ról i bhforbairtí boilscithe; á athdhearbhú nach mór don Choimisiún úsáid a bhaint as na huirlisí go léir atá ar fáil **faoi dhlí na hiomaíochta** chun dul i ngleic leis an ngéarchéim costais mhaireachtála;

6. á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint ar an gcaoi a n-imríonn boilsciú tionchar ar iomaíocht trí dhreasachtaí a chruthú do chuideachtaí chun comhoibriú le hiomaitheoirí chun praghsanna a chomhordú²⁰, chomh maith leis na hiarmhairtí a bhaineann leis do mhargaí agus do leas tomhaltóirí; ag tarraingt aird ar an ngá atá le feabhas a chur ar na sonraí ar bhrabúis **chun** aghaidh a thabhairt **go héifeachtach** ar na hiarmhairtí ionchasacha, ós rud é **go léiríonn** taighde ón mBanc Ceannais Eorpach agus ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta go bhfuil brabúis chorparáideacha ina spreagadh tábhachtach sealadach don bhoilsciú; á iarraidh ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh, in éineacht leis na húdaráis iomaíochta náisiúnta, ar iarmhairtí an iompair fhrithiomaíoch agus ar a ról i bhforbairtí boilscithe; á athdhearbhú nach mór don Choimisiún úsáid a bhaint as na huirlisí uile atá ar fáil chun dul i ngleic leis an ngéarchéim costais mhaireachtála; **á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún cánacha buana ar bhrabús amhantair a thabhairt isteach chun dul i ngleic le boilsciú atá bunaithe ar bhrabús i ngach earnáil agus brabúis amhantair a athdháileadh ar theaghlaigh ar ioncam íseal;**

²⁰ ECFE, ‘Iomaíochas agus Boilsciú: Nóta Cúlra de Chruinniú Comhchéime maidir le Beartas Iomaíochta ECFE’, 2022.

²⁰ ECFE, ‘Iomaíochas agus Boilsciú: Nóta Cúlra de Chruinniú Comhchéime maidir le Beartas Iomaíochta ECFE’, 2022.

Or. en

10.1.2024

A9-0427/3

Leasú 3

Martin Schirdewan, Manon Aubry, Dimitrios Papadimoulis, Konstantinos Arvanitis, Elena Kountoura

thar ceann an Ghrúpa The Left

Tuarascáil

Stéphanie Yon-Courtin

Beartas iomaíochta – tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2077(INI))

A9-0427/2023

Tairiscint i gcomhair rúin

Mír 7 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin

Leasú

7a. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an ghéarchéim praghsanna bia atá ann faoi láthair agus na leibhéil arda de chomhchruinniú an mhargaidh agus d'úinéireacht airgeadais i slabhraí soláthair bia, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar iomaíocht agus méaduithe comhbheartaithe éagóracha ar phraghsanna a éascú; á thabhairt chun suntais go bhfuil na trí chuideachta bainistíochta sócmhainní is mó – BlackRock, Vanguard Group agus Fidelity Investments – i measc na 10 scairshealbhóirí is mó i mbeagnach gach cuideachta bia liostaithe; á iarraidh go ndéanfaí imscrúdú earnála críochnúil ar chumhacht an mhargaidh agus ar úinéireacht airgeadais i slabhraí soláthair bia an Aontais agus go gcuirfí leigheasanna struchtúracha chun feidhme; á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar dhlí iomaíochta an Aontais chun a fhorfheidhmiú a ailiniú leis an gcuspóir nach mór d'iompar corparáideach urraim a thabhairt do cheart bunúsach na dtomhaltóirí chun bia inacmhainne;

Or. en

10.1.2024

A9-0427/4

Leasú 4

Martin Schirdewan, Manon Aubry, Leila Chaibi, Marina Measure
thar ceann an Ghrúpa The Left

Tuarascáil

A9-0427/2023

Stéphanie Yon-Courtin

Beartas iomaíochta – tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2077(INI))

Tairiscint i gcomhair rúin

Mír 14 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin

Leasú

14a. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na himscrúduithe doimhne leanúnacha atá á ndéanamh ag an gCoimisiún ar shárú a d'fhéadfadh a bheith á dhéanamh ar rialacha an Aontais maidir le stáitchabhair i gcoinne oibreoirí poiblí lasta iarnróid, Fret SNCF agus DB Cargo; á chur in iúl gur saoth léi go mbeidh leachtú Fret SNCF mar thoradh ar na himscrúduithe agus go mbeidh líon suntasach post ag DB Cargo i mbaol; á iarraidh ar an gCoimisiún dul i gcomhairle le ceardchumann agus cearta oibríthe lasta iarnróid a áirithiú; á chur i bhfáth go bhféadfadh 520 000 trucail bhreise ar an mbóthar in aghaidh na bliana a bheith mar thoradh ar leachtú FRET SNCF, lena gcuirfí an cuspóir a bhunaítear leis an straitéis soghluaisteachta inbhuanaithe agus cliste maidir le trácht lasta iarnróid a dhúbailt i mbaol;

Or. en

10.1.2024

A9-0427/5

Leasú 5

Martin Schirdewan, Manon Aubry, Marc Botenga, Dimitrios Papadimoulis
thar ceann an Ghrúpa The Left

Tuarascáil

A9-0427/2023

Stéphanie Yon-Courtin

Beartas iomaíochta – tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2077(INI))

Tairiscint i gcomhair rúin

Mír 25

Tairiscint i gcomhair rúin

25. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an comhchruinniú iomarcach i gcodanna áirithe de shlabhra an tsoláthair bia, chun aimhleasa na dtomhaltóirí agus na bhfeirmeoirí;

Leasú

25. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an comhchruinniú iomarcach i gcodanna áirithe de shlabhra an tsoláthair bia, chun aimhleasa na dtomhaltóirí agus na bhfeirmeoirí; ***á chur in iúl gur saoth léi nach ionann ach ceithre chuideachta – ADM, Bunge, Cargill agus Louis Dreyfus – agus idir 75 % agus 90 % den trádáil dhomhanda gráin; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an cumasc atá beartaithe idir Bunge agus Viterra, lena ngéarófaí ar an treocht i dtreo comhchruinniú iomarcach margaidh; á iarraidh ar an gCoimisiún a chumhachtaí faoin dlí iomaíochta a úsáid chun cumasc Bunge agus Viterra a chosc;***

Or. en